

Guthaí agus Glórtha: an Chartlann Fuaimne
Anna Bale

Seomraí lán de ghlórtha – sin í an Chartlann Fuaime atá i gCnuasach Bhéaloideas Éireann. Glórtha iad seo, den chuid is mó, a bhaineann leis an gcéad seo caite ach tá glórtha an lae inniu le cloisteáil ann freisin. Is ó dheireadh an naoú haois déag a thagann na glórtha is luaithe sa gcnuasach chugainn. Taifeadtaí iad a deineadh ar ghléas Ediphone ag an gcéad Feis Ceoil riamh a reachtáil i mBaile Átha Cliath in 1897 agus arís ag an bhFeis Ceoil i mBéal Feirste in 1898.

Tháinig feiniméan seo an ‘Feis Ceoil’ ar an bhfód tar éis do Dhubhglas de hÍde óráid a thabhairt don Irish National Literary Society in 1892 inar cháin sé staid cheol na hÉireann. Bhí sé seo mar chuid dá bhfeachtas ‘The Necessity for De-Anglicising Ireland’ ach ní raibh aon réiteach aige ar conas sruth an ghalldaithe a theorannú:

For the present then, I must be content with hoping that the revival of our Irish Music may go hand in hand with the revival of Irish ideas and Celtic modes of thought ... and that people may be brought to love the purity of *Síúbhail Síúbhail* ... in preference to *Get Your Hair Cut* ... or even, if it is not asking too much of *Ta ra ra boom de ay*.

Ar na ceoltóirí is mó cáil atá ar na taifeadtaí ón bhFeis Ceoil tá na píobairí Denis Delaney, Michael O’Sullivan (Micí Cumbá Ó Súilleabháin)¹ agus Thomas Cash, agus fídléirí ar nós Mrs Bridget Kenny agus Michael Daffey. Comórtas a bhí ann le haghaidh píosaí ceoil neamhfhoilsithe – b’shin a thug ar lucht na Feise taifeadadh a dhéanamh. Rinneadh an ceol a thrascríobh ó na fiteáin agus cé go raibh an thrascríobh céanna lochtach, bhíothas in ann na foinn a athnuachan dá bharr agus tá siad á seinm go fóill. Agus é ag trácht ar na fiteáin seo dúirt an ceoltóir agus an bailitheoir iomráiteach Breandán Breathnach: ‘... that handful of cylinders, because of the sound they have preserved, must be accounted among the most valuable relics of our musical past’.

Nuair a tháinig gléas taifeadta an Ediphone ar an margadh ar dtús, giuirléid a bhí ann le thrascríobh a dhéanamh go bunúsach, seachas taifeadadh fuaime buan a chruthú. Déanamh na ffrinne, ní raibh an caighdeán fuaime ró-iontach air ach ba mhór an cúnadh é mar sin féin do na bailitheoirí a raibh orthu an t-ábhar a scríobh amach ina dhiaidh sin. Nuair a thosaigh an Coimisiún ag bailiú le gléasanna Ediphone is chuig na ceantair Ghaeltachta a chuaigh siad. Tá leabhrán sa chartlann fuaime a thugann cuntas ar na fiteáin agus is é Seán Mac Giollarnáth atá ar an gcéad duine a luaitear. Tugadh 36 fiteán céarach dó le bailiú i nGaillimh i mí Aibreán na bliana 1935. Ar an liosta céanna tá Proinsias de Búrca agus Liam Mac Coisdeala i Maigh Eo, Seán Ó hEochaidh agus Séamus Ó Duilearga i nDún na nGall, Tadhg Ó Murchú agus Seán Ó Dubhda i gCiarraí agus Nioclás Breathnach i bPort Láirge.



An tEideafón

Scéalta, paidreacha, filíocht agus amhráin i nGaeilge den chuid is mó atá ar na taifeadtaí luatha seo – iarracht ar na hiarsmaí deireanacha a scuabadh suas sula gcaillfí an teanga go deo, mar a ceapadh. Agus, dar ndóigh, tá tábhacht teangeolaíoch ar leith ag baint leis na taifeadtaí seo a rinneadh i gceantar ar bith nach ann don Ghaeilge níos mó, nó ina bhfuil an chanúint áitiúil imithe i léig.

I dtréimhse sin na hathbheochana bhí daoine eile ag bailiú freisin agus bronnadh na taifeadtaí seo ar an gCoimisiún thar na mblianta. Táim ag trácht, ach go háirithe, ar an ábhar a bhailigh an tOllamh Éamonn Ó Tuathail, an tAthair Luke Donnellan agus an tAthair Lorcán Ó Muirí, mar shampla.

Rinne Éamonn Ó Tuathail taifeadtaí le linn a thréimhse mar ollamh le Gaeilge i gColáiste na Tríonóide idir 1925 agus 1955 agus tá na fiteáin a thóg sé i dTír Eoghain, sa Chabhán agus i Muimhneachán i dtaisce sa chartlann fuaime.² Bhí spéis ar leith ag Luke Donnellan i gcúrsaí ceoil agus amhrán agus bhailigh sé ábhar fíor-thábhachtach i gceantar Oiriaila i ndeisceart Uladh, ag tús an fichiú haois. Bhí claonadh i dtreo amhrán agus seanchais ag Lorcán Ó Muirí agus tá taifeadtaí i nGaeilge agus i mBéarla againn a rinne seisean ag tús an chéid freisin.

Tá píosaí eile i mBéarla ar fhiteáin sa Chnuasach, idir amhráin agus seanchas, maraon le sleachta suimiúla stairiúla; tá, mar shampla, agallamh fada leis an gCaptaen Henry Harrison, MP i bParlaimint na Breataine agus na hÉireann 1890–92 a bhí ina gharda cosanta ag Charles Stewart Parnell ina dhiaidh sin.

Dáta	An Meid Físeán	Cé curse zua curcáid iad.	Faice Zal n. ar.
20.1.36	24	Seán Ó h-Eocáid, Terlionn.	1/5/36
21.1.36	24	" " "	
22.1.36	"	" " "	
23.1.36	"	T. Ó Muraí, An Corraicán, All Áine	12 (5.3.36) / 12 (2.12)
"	12	Seán Ó h-Eocáid, Cuaicilann, Terlionn.	1/5/36
"	"	N. Breainn, Lios Fionzailte (lám le scai amai).	7.2.36
24.1.36	12	P. Mac Meanman, Mórán, Cloicán.	28.2.36
"	12	" " "	7.3.36
25.1.36	24	P. Mac Coisdealba, Corlín, Cárna.	12 (21.4.36)
28.1.36	12	N. Breainn, Lios Fionzailte, Dúngarbán.	14.2.36
29.1.36	"	" " "	21.2.36
31.1.36	"	P. Mac Coisdealba, Corlín, Cárna.	27.3.36
1.2.36	"	N. Breainn, Lios Fionzailte, Dúngarbán	21.2.36
3.2.36	"	P. De Burca, Carr na Mánáid	28.2.36
4.2.36	"	" " "	"

Tháinig deireadh le ré na bhfiteán, den chuid is mó, faoi thús na gcaogaidí. Go luath in 1948 tháinig an Coimisiún i seilbh ghléas taifeadta ceirníní. Ba de bharr cuairt lae a thug Éamon de Valera ar Oileán Mhanainn an bhliain roimhe sin a tharla seo nuair a gheall de Valera do mhuintir Oileán Mhanainn go ndéanfadh an Coimisiún taifeadadh ar an scata beag cainteoirí dúchais Manannaise a bhí fágtha. Socraíodh breis mhaoinithe a chur ar fáil chun trealamh nua a cheannach agus chaith Caoimhín Ó Danachair tréimhse ar Oileán Mhanainn go luath in 1948. Tá na taifeadtaí seo ar fad anois foilsithe³ agus murach an obair sin is deacair a shamhlú go mbeadh an Mhanannais ar an bhfód ar chor ar bith sa lá atá inniu ann.

Tar éis na hoibre sin a chur i gcrích, thug an Coimisiún an gléas nua a bhí acu ar chamchuairt ar fud na tíre.

Tá breis agus 5,000 diosca sa Chnuasach – taifeadtaí buana ar ábhar atá éagsúil, iontach. Bhí na dioscaí an-oiriúnach, ach go háirithe, le seanscéalta, ceol agus amhráin a thaifeadadh. Ba ar na dioscaí seo a rinneadh an t-aon taifeadadh de cheol an phíobaire Johnny Doran, cuirim i gcás. Tá an chéad taifeadadh fuaime a bhfuil guth cheoil leis de 'Laoi na Mná Móire' orthu freisin. Laoi Fiannaíochta é seo a chan Seamus Ó hIghne do Chaoimhín Ó Danachair in 1945.

Tá seanchas áitiúil, amhráin agus scéalta iontacha ó cheantar Cheathrú Thaidhg in iarthar Mhaigh Eo ar na dioscaí tosaigh, mar a bhailigh Leo Corduff ábhar óna athair Michael Corduff. Tá Peig Sayers le clos ar na dioscaí, chomh maith la hAnna Nic an Luain, Niallaí Ó Baoill agus daoine eile nach iad a raibh saibhreas teanga, scéalaíochta agus ceoil acu agus is deacair iad seo a shárú.

Clárú na bhfiteán ag Coimisiún
Béaloidesa Éireann



Bosca fiteán

In 1950 thairfeadaigh Caoimhín Ó Danachair ceann de na píosa leanúnacha Béarla is túisce atá ar na dioscaí agus sin é an scéal 'The Black Dog of the Wild Wood' leis an sárscéalaí Paddy Sherlock ó Lios Dúin Bhearna i gCo. an Chláir. Bhailigh Séamus Ó Duilearga an scéal seo cheana ó Sherlock ar an Ediphone in 1929⁺ ach tugann an caighdeán fuaim ar na dioscaí deis dúinn blas níos fearr a fháil ar an stíl scéalaíochta shuntasach a bhí aige. Chuaigh Paddy Sherlock go mór i gcionn ar phobal na Breataine nuair a chraol an BBC a chuid scéalta go luath ins na caogaidí.

Foinse eile a bhí ag an gCoimisiún le taifeadh a dhéanamh ná féile an Oireachtais, agus cé nach bhféadfaí comhthéacsú a dhéanamh ar an ábhar mar a bhí á dhéanamh ag na bailitheoirí lánaimseartha agus iad ar obair pháirce, thug sé deis don Choimisiún leaganacha éagsúla d'amhráin a bhailiú. Tá roinnt de na comórtais amhránaíochta ó 1947 le clos orthu. Is é Séamus Ennis atá mar fhear an tí agus é ag cur leithéidí Shorcha Ní Ghuairm, Sheán 'ac Dhonnchadha, Chití Ní Ghallchobhair agus Cháit Ní Shúilleabháin i láthair. Ní amháin gur thairfeadaigh foireann an Choimisiúin na comórtais ach thapaigh siad an deis muintir na Gaeltachta a bhí ag freastal ar an Oireachtas i mBaile Átha Cliath a thairfeadh chomh maith. Tá taifeadh faoi leith, mar shampla, ó 1940 den amhránaí Micheál Turraoin ó Phort Láirge a rinneadh le linn an Oireachtais i saotharlann fhisice an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath atá fíor álainn de bharr na fuaimíochta sa saotharlann.



Ag bailiú béaloidis in Oileán Mhanainn. John Kneen agus Harry Boyd. Grianghraf: Caoimhín Ó Danachair, 1948

Ach ba é teacht an téipthaifeadáin a threisigh go mór obair bhailiúcháin an Choimisiúin agus is ó na 1950í ar aghaidh is mó a méadaíodh ar an gCnuasach. Bhí bailitheoirí ag saothrú leo ó cheann ceann na tíre, ag bailiú ábhar a bhí éagsúil, ilchineálach, i mBéarla agus i nGaeilge. Faoin am sin bhí Michael J. Murphy agus Jim Delaney fostaithe mar bhailitheoirí agus iad ag bailiú ábhar i mBéarla amháin. Bhí bailitheoirí eile a chnuasaigh ábhar sa dá theanga ar nós Chiarán Bairéad a bhí lonnaithe i gCo. na Gaillimhe. Bhí Seán Ó hEochaidh, Tadhg Ó Murchú, Pádraig Ó Moghráin, Mícheál Mac Énrí agus Seán Ó Dubhda ag obair leo sna Gaeltachtaí i rith an ama.

Is fiú a lua freisin go raibh scoláirí eachtrannacha ag taifeadh in Éirinn ó thús na gcaogaidí agus tá roinnt de na téipeanna seo sa Chnuasach. Duine acu siúd ab ea an teangeolaí Hákon Melberg ón Ioruaidh. Tháinig seisean go Port Láirge ar dtús in 1933 agus ba chuirteoir rialta é ina dhiaidh sin go ceann fiche bliain. Thairfeadaigh Melberg seanchas agus amhráin i Rinn Ó gCuanach⁵ agus i mBaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí le linn a thurais anseo agus tá na téipeanna seo sa chartlann fuaimne anois. Tá ábhar i mBreatnais agus i mBriotánais orthu chomh maith.


In 1979–80 thionscain Roinn Bhéaloideas Éireann scéim bhailiúcháin faoi leith a bhí dírithe ar Bhaile Átha Cliath agus dá bharr sin tá breis agus 800 uair a chloig ar téip; ábhar fíor-spéisiúil atá anseo a thugann léargas ar stair agus ar shaol mhuintir na cathrach, gan trácht ar chanúint agus ar stór foclóireachta atá athraithe go mór ó shin.



An bailitheoir Tadhg Ó Murchú agus Liam Stac, Cluain Eachlainn, Uíbh Ráthach, Co. Chiarraí. Grianghraf: Caoimhín Ó Danacháir, 1947

Tugadh cuairt ar Holyoke sna Stáit Aontaithe ins na 1980í. Bhí comhlúadar Éireannach a chuaigh ar imirce chun na Stáit ins na 1920í agus nár fhill ó shin, den chuid is mó. Cé go raibh an oiread sin ama caite ag na daoine seo i Meiriceá bhí an-chuimhne go deo acu ar an saol a bhí fágtha ina ndiaidh in Éirinn. Scéal ffor-spéisiúil a bhí le hinsint acu, agus bhí blúirí cainte i nGaeilge ag roinnt acu fiú is nár labhair siad í le seasca bliain.

Tá tagairt déanta roimhe seo don ábhar ceoil agus amhrán ach ní féidir gan bailiúchán bailéad Tom Munnely a lua, bailiúchán a bhfuil clú agus cáil air ar fud an domhain. Agus, dar ndóigh, tá cnuasaigh bhreátha eile ann d'amhráin agus ceol nach féidir a áireamh anseo. I gcaitheamh aimsire, agus ré seo an digitithe chugainn, táthar ag obair i dtreo an t-ábhar seo a bheith ar fáil níos forleithne. Idir an dá linn ó tá fáilte roimh cuairteoirí i seomraí na nglórtha.



The National Folklore Collection has an extensive audio-visual archive which contains a wealth of material. One can trace the development of recording history through the variety of formats used, from the earliest wax cylinders, wire recorders, acetate discs, tape, cassette, to the digital technology used today. The earliest recordings in the collection are from the Feis Ceoil of 1897 and 1898 and contain music and song from the very first competitions held in Dublin and Belfast respectively. The bulk of the cylinder collection, however, is from the former Irish Folklore Commission collectors who went scouring the land recording the last vestiges of spoken Irish, as they thought, in the mid-1930s. From the 1940s and 1950s onwards the availability of disc-cutting equipment and of tape-recorders had a huge impact on the quantity and the quality of the recordings made, even though the availability of supplies in the war years and financial constraints on the Commission were always an issue. Apart from the Commission's own collectors the National Folklore Collection houses many recordings by other collectors which are of immense

significance, such as the Donnellan collection of music and song from the Oriel area of south-east Ulster, and recordings collected by linguists such as Professor Éamonn Ó Tuathail from Trinity College and Håkon Melberg from Norway. By the 1950s most Folklore Commission collectors were recording material in both Irish and English but some collectors, such as Michael J. Murphy in Armagh and Jim Delaney in the midlands collected speech and song which were almost exclusively in English. Another vast selection of English language material is the Urban Folklore Project which comprises over 800 hours of recordings made in Dublin in 1979–80, and the Holyoke recordings of Irish emigrants to the USA made in 1982. Music and song are central to the National Folklore Collection and among the many treasures in this sphere are the only recordings made of the piper Johnny Doran, the exceptional material collected by Séamus Ennis, and the Tom Munnely song collection which ranks among the finest of its kind in the world.

Caoimhín Ó Danachair sa gcartlann
fuaimne, Coimisiún Béaloideasa
Éireann, c. 1950



Nótaí

- 1 Tá eolas faoi Micí Cumbá Ó Súilleabháin in *Breathnach*, B., (eag.) Shields, H., 'The Pipers of Kerry', in *Éigse Cheol Tíre* 4 (1982–85), 26.
- 2 Tá formhór an ábhair seo i gcló sna leabhair Ó Tuathail, É., (eag.) *Sgéalta Mhuintir Luinigh*, Baile Átha Cliath, 1933. *Seanchas Ghleann Ghaibhle*, Baile Átha Cliath, 1934.
- 3 Eiraght Ashoonagh *Eiraght Ashoonagh Vannin: Manx National Heritage Skeelaln Vannin – Stories of Mann: The Complete Collection of Manx Language Archive Recordings Made by the Irish Folklore Commission in 1948*, Douglas, 2003.
- 4 Ó Duilearga, S., 'Paddy Sherlock's Stories', in *Béaloideas* 30 (1962), 1–75.
- 5 Tá cur síos ar Melberg féin agus ar an tréimhse a chaith sé sa Rinn, Co. Phort Láirge in *Breathnach*, Ú., 'Håkon Melberg', in *An Linn Bhúi* 4 (2000), 42–50.

Léitheoireacht bhreise

Briody, M., 'Creating a sound archive', in *The Irish Folklore Commission 1935–1970: History, ideology, methodology*, Helsinki, 2007, 238.

Ó Danachair, C., 'Irish Folk Narrative on Sound Records', in *Laos* 1, (1951), 180–186.
'Sound Recording of Folk Narrative in Ireland in the Late Nineteen Forties'
in *Fabula, Journal of Folktale Studies* 22 (1981), 312–5.

Cláir raidió/RTÉ radio documentaries

Goan, C., *Lest They Perish* (<http://www.rte.ie/radio1/lesttheyperish/>), (1985)

Ó Muirthe, D., *The Unwritten Word* (1974)

Ó Catháin, S., *Folkland* (1983–1984)

Anna Bale. Tá Anna Bale ag obair mar theicneoir sinsearach sa Chartlann Fuaime i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, mar ar thosaigh sí in 1989. Tá taithí aici ar bheith ag plé le réimse leathan ghléasanna fuaime ón Ediphone go dtí an téipthaifeadán, agus leis an teicneolaíocht dhigiteach atá i réim faoi láthair. Tá sí i mbun chatalóg leictreonach a fhorbairt don bhailiúcháin substaintiúil fuaime agus físe atá sa Chnuasach. Tá céim sa Léann Ceilteach bainte amach aici, maraon le hArd-Diplóma i mBéaloideas agus MA sa Ghaeilge Fheidhmeach.